Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
10
acmhainn do bhliain 10

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Cúig
Ré Nua na Fostaíochta

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 10 acmhainn do bhliain 10

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	An bhfuil Tionchar ag an Teicneolaíocht ar an Fhostaíocht?	6
Téama 2	Domhandú – an Feiniméan	8
Téama 3	An Earnáil Nua Fostaíochta	10
Téama 4	Ag Coinneáil Suas Leis na Treochtaí	11
Téama 5	Patrúin agus Amanna Oibre	13
Téama 6	An Dúshlán Fostaíochta	14

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
10
acmhainn do bhliain 10

Aidhm

San aonad seo, fiosraíonn na daltaí na bealaí ina bhfuil na hearnálacha fostaíochta agus ceirde ag athrú agus an tionchar a bheidh aige seo ar a bpleanáil ghairme.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:

- fiosrú cad é mar a théann teicneolaíocht i bhfeidhm ar an saol agus ar an obair;
- tionchar an mhargaidh dhomhanda a fhiosrú;
- na cineálacha éagsúla oibre agus an réimse fostaíochta sa cheantar áitiúil a fhiosrú; agus
- athruithe i dtreochtaí fostaíochta agus an dóigh a dtéann sé seo i bhfeidhm ar a gcuid pleanála gairme a fhiosrú.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil tionchar ag an teicneolaíocht ar an chuid is mó de na hearnálacha fostaíochta;
- go bhfuil tionchar ag an domhandú ar chúrsaí fostaíochta agus ar phleanáil ghairme;
- go bhfuil réimse deiseanna fostaíochta ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda; agus
- gur tharla athruithe i réimse earnálacha fostaíochta.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí feasach go bhfuil tionchar ag an teicneolaíocht ar earnálacha fostaíochta;
- tuigfidh siad an chiall atá le domhandú;
- beidh siad ábalta cur síos ar chineálacha éagsúla oibre agus fostaíochta sa cheantar áitiúil;
- beidh siad ábalta roinnt fostóirí áitiúla a shainaithint;
- beidh a fhios acu gur tharla athruithe in earnálacha ceirde;
- beidh siad eolach ar roinnt treochtaí fostaíochta; agus
- beidh a fhios acu go n-athraíonn earnálacha fostaíochta an t-am ar fad.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Ag bainistiú eolais

- Forbair modhanna le heolas a shainscagadh agus a chlárú.
- Tuiscint ar an lucht féachana agus ar chuspóir a bheith agat.

Ag úsáid matamaitice

- Léigh, léirmhínigh, eagraigh agus cuir eolas i láthair i bhformáidí matamataice.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad é mar a théann teicneolaíocht i bhfeidhm ar an saol agus ar an obair?*
- *Cad é an rud domhandú agus cad é mar a théann sé seo i bhfeidhm ormsa?*
- *Cad iad na cineálacha post atá ar fáil i mo cheantar áitiúil?*
- *Cad iad na treochtaí fostaíochta?*



BAY WEST
Warm Dry

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1

An bhfuil Tionchar ag an Teicneolaíocht ar an Fhostaíocht?

Fiosraíonn na daltaí cad é mar a théann an teicneolaíocht i bhfeidhm ar an fhostaíocht.

Téama 2

Domhandú – an Feiniméan

Fiosraíonn na daltaí an chiall atá le domhandú agus an dóigh a dtig leis dul i bhfeidhm ar an fhostaíocht.

Téama 3

An Earnáil Nua Fostaíochta

Fiosraíonn na daltaí ar athraigh na hearnálacha fostaíochta thar am. Fiosraíonn siad fosta na fostóirí ina gceantar áitiúil.

Téama 4

Ag Coinneáil Suas Leis na Treochtaí

Fiosraíonn na daltaí treochtaí fostaíochta.

Téama 5

Patrúin agus Amanna Oibre

Fiosraíonn na daltaí cinealácha éagsúla patrún oibre agus na meánuaireanta oibre i dtíortha eile.

Téama 6

An Dúshlán Fostaíochta

Glacann na daltaí páirt i ndúshlán fostaíochta. Déanann siad iniúchadh ar an réimse post agus fostóirí sa cheantar áitiúil. Amharcann siad ar fhoinsí tacaíochta fostaíochta fosta.

Téama 1

An bhfuil Tionchar ag an Teicneolaíocht ar an Fhostaíocht?

Fiosraíonn na daltaí cad é mar a théann an teicneolaíocht i bhfeidhm ar an fhostaíocht.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
– *Cártaí Meaitseála Teicneolaíochta* (Áis 1)

Gníomhaíocht 1

Sula dtosaíonn tú ar an ghníomaíocht seo, beidh ort dhá fhoireann cartaí a ullmhú. Tugtar breac-chuntas orthu seo thíos:

A. Cártaí Teicneolaíochta Forbartha
Ar chártaí faoi leith, scríobh roinnt príomhfhorbairtí teicniúla a tharla le blianta beaga anuas. I measc na samplaí tá:
- an t-idirlíon;
- loingseoireacht satailíte;
- iPod;
- Seinnteoirí DVD;
- Dearadh Ríomhchuidithe (CAD); agus/nó
- gutháin phóca.

B. Cártaí Fostóirí agus Earnáil na Fostaíochta
Ar fhoireann eile cártaí, scríobh roinnt cineálacha fostóirí nó earnálacha fostaíochta. I measc samplaí tá:
- feirmeoir;
- cuideachta déantúsaíochta;
- cuideachta tógála;
- cuideachta miondíola;
- otharlann;
- an chomhairle áitiúil; agus/nó
- scoil.

Cuir an dá fhoireann cártaí in dhá shoitheach éagsúla ag tosach an tseomra ranga. Roghnaigh cárta amháin ó na Cártaí Teicneolaíochta Forbartha. Tabhair cuireadh do na daltaí plé a dhéanamh ar an dóigh a ndeachaigh an teicneolaíocht nua i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus a dteaghlach. Lean ar aghaidh leis an phróiseas seo go dtí go bhfuil plé déanta ar an chuid is mó de na cártaí. Cuir na Cártaí Teicneolaíochta Forbartha uile ar ais sa soitheach.

Cuir in iúl do na daltaí go bhfuil tionchar ag an teicneolaíocht ar fhostaíocht áitiúil agus dhomhanda.

Ansin, tabhair cuireadh do dhalta amháin ceann de na Cártaí Teicneolaíochta Forbartha agus ceann de na Cártaí Fostóirí agus Earnáil na Fostaíochta a roghnú. Iarr orthu na cártaí a léamh don chuid eile den rang. Taispeáin iad ag tosach an tseomra ranga le go dtig leis na daltaí uile iad a fheiceáil. Cuir cuireadh ar an rang ransú smaointe a dhéanamh ar cad é mar a thiocfadh leis an fhorbairt theicniúil dul i bhfeidhm ar an fhostóir nó ar an earnáil.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach freagairtí na ndaltaí a bhreacadh síos ar an chlár nó ar smeach-chairt. Déan an ghníomhaíocht seo arís le cárta eile. Lean ar aghaidh leis an phróiseas seo go dtí go bhfuil na cártaí uile pléite.

Gníomhaíocht 2

Tabhair ceann de na *Cártaí Meaitseála Teicneolaíochta* do gach dalta. Cuir in iúl dóibh gurb é aidhm na gníomhaíochta seo an duine a aimsiú leis an chárta a mheaitseálann a c(h)ártasan. Iarr orthu siúl thart ar an seomra agus labhairt le daltaí eile lena gcomhchárta a fháil. Mol dóibh teicnící éifeachtacha ceisteoireachta a úsáid. Nuair a bhíonn a meaits faighte ag na daltaí, iarr orthu smaoineamh ar dhóigh amháin ina dtéann an fhorbairt theicniúil chun sochair a n-earnála. Iarr ar bheirteanna a chur in iúl don chuid eile den rang faoina n-earnáil, a bhforbairt theicniúil agus tairbhí na forbartha teicniula.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Eagraigh an rang i ngrúpaí beaga de thriúr nó ceathrar. Mínigh do na grúpaí gurb é aidhm na taisc seo ná alt gairid nuachtáin a ullmhú faoi na tairbhí a bhaineann le forbairt theicniúil ar fhostaíocht. Mar mhalairt air seo, tig leis na grúpaí aireagán nua a airgeadh do phost/d'earnáil faoi leith. Tabhair am do na grúpaí forbairtí éagsúla teicniúla a thaighde agus an dóigh a ndeachaigh siad chun sochair na bpost nó na n-earnálacha fostaíochta. Taispeáin saothar na ndaltaí sa seomra ranga.

Tabhair cuireadh d'fhostóirí teacht chuig an seomra ranga leis an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar a bpost/n-eagraíocht/ngnó a phlé. Mar an gcéanna, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach cuireadh a chur ar fhostaithe nó ar iardhaltaí teacht chuig an seomra ranga leis an tionchar a bhí ag an teicneolaíocht ar a ngairm nó ar a bpost a phlé.

Téama 2

Domhandú – an Feiniméan

Fiosraíonn na daltaí an chiall atá le domhandú agus an dóigh a dtig leis dul i bhfeidhm ar an fhostaíocht.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cás-Staidéir AE* (Áis 2)
- Lipéid ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1

Taispeáin an sainmhíniú seo a leanas ar dhomhandú ar an chlár nó ar smeach-chairt:
Cuireann domhandú síos ar an dóigh a bhfuil tíortha ceangailte go dlúth lena chéile mar:

- *gur féidir eolas a sheachadadh go gasta; agus*
- *go bhfuil fáil níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí ar fud an domhain.*

Roinn an rang i ngrúpaí beaga de thriúr nó ceathrar daltaí. Iarr ar gach grúpa póstaer a dhearadh a mhíníonn domhandú. Pléigí agus aontaígí critéir ratha don tasc seo. Nuair a bhíonn a bpóstaeir críochnaithe ag na daltaí, cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a bpóstaer a chur i láthair don chuid eile den rang. Iarr orthu cur síos ar an dearadh agus é a chosaint. Mol do na grúpaí lipéid ghreamaitheacha a úsáid lena bpóstaer a mheas, bunaithe ar na critéir ratha chomhaontaithe. Taispeáin na póstaeir (leis na lipéid ghreamaitheacha orthu) sa seomra ranga.

Gníomhaíocht 2

Mínigh don rang go mbeidh siad ag úsáid a samhlaíochta sa ghníomhaíocht seo lena léirshamhlú cad é an chuma a bheidh ar Thuaisceart Éireann 50 bliain sa todhchaí. Le cuidiú leis na daltaí bheith níos compordaí leis an tasc léirshamhlaithe, iarr orthu cuimhne dhearfach óna gcuid taithí. Iarr orthu smaoineamh faoi na sonraí, lena n-áirítear daoine, fuaimeanna, radhairc agus bolaithe. Tabhair cúpla bomaite do na daltaí lena gcuimhne a léirshamhlú. Ansin, eagraigh an rang ina mbeirteanna. Iarr ar na beirteanna sealanna a ghlacadh le cur síos ar a gcuimhne lena chéile. Tabhair cuireadh do na beirteanna cuimhne a gcomhpháirtí a léirshamhlú.

Iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil sé 50 bliain sa todhchaí. Iarr orthu a léirshamhlú cad é an chuma atá ar Thuaisceart Éireann. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach an léirshamhlú a dhíriú ar ghnéithe airithe. D'fhéadfadh na leideanna seo a leanas bheith úsáideach:

- Cad é an córas iompair?
- Cad iad na poist atá á ndeanamh ag daoine?
- Cé hiad na daoine atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann?
- Cad é an teicneolaíocht atá in úsáid?
- Cad é an chuma atá ar na scoileanna?
- Cad é an chuma atá ar na foirgnimh?
- Cad é an chuma atá ar na tithe?
- Cá háit a mbíonn daoine ag siopadóireacht?

Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht léirshamhlaithe críochnaithe ag na daltaí, tabhair cuireadh dóibh ar shamhlaigh siad a scríobh síos nó a tharraingt. Eagraigh an rang ina ngrúpaí de cheathrar daltaí. Cuir cuireadh orthu a gcuid léaráidí agus nótaí a phlé lena chéile. Ansin, iarr ar na grúpaí íomhá ghrúpa a chruthú a léiríonn an chuma a shamhlaíonn siad a bheidh ar Thuaisceart Éireann i gceann 50 bliain. Mol dóibh bheith chomh cruthaitheach agus a thig leo bheith. Tabhair cuireadh do thuairisceoir ó gach grúpa fís a ngrúpa a chur i láthair don chuid eile den rang.

Nuair a bhíonn a gcuid oibre curtha i láthair ag na grupaí uile, pléigh:

- **Na fáthanna lenar léirshamhlaigh siad**
  Mar shampla, má shamhlaigh siad go mbeadh níos mó daoine ó chultúir éagsúla ina gcónaí i dTuaisceart Éireann pléigh cad chuige.
- **An léiríonn na físeanna domhandú agus más amhlaidh cén dóigh?**
- **Cad é mar a bheidh an fhostaíocht i dTuaisceart Éireann i gceann 50 bliain?**
  Mar shampla, má shamhlaigh na grúpaí go mbeadh iarnród ardteicniúil faoi thalamh, bheadh daoine ag obair sna hiarnróid. Fosta, rachadh daoine chuig a gcuid oibre agus thiocfadh siad abhaile níos gasta.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Taispeáin liosta de thíortha an Aontais Eorpaigh (AE) ar an chlár nó ar smeach-chairt. Leithdháil ceann de na tíortha ar ghrúpaí de 3 nó 4 daltaí. Mínigh do na daltaí gurb é a dtasc sa ghníomhaíocht seo cur ina luí ar dhaoine dul ag obair sa tír leithdháilte. Tabhair am do na daltaí taighde idirlín a dhéanamh ar thíortha an AE. Mol dóibh an t-eolas seo a leanas a rochtain:

- príomhchathair;
- daonra;
- teanga/cha a labhraítear;
- aeráid;
- cineál saoil; agus
- na mórthionscail.

Tabhair cuireadh do na daltaí a gcuid cinntí a chur i láthair don chuid eile den rang.

Dáil cóip de na *Cás-Staidéir AE* ar gach dalta.
Iarr orthu na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cad chuige ar mhaith le daoine aistriú go dtí tír eile?
- Cad iad na tairbhí a bhaineann le daoine ó thíortha eile teacht ag obair i dTuaisceart Éireann?

Tabhair cuireadh d'fhostóirí teacht isteach sa seomra ranga leis an tionchar a bhí ag domhandú ar a n-eagraíocht nó a ngnó a phlé. Mar mhalairt air seo, cuir cuireadh ar fhostaithe teacht isteach sa seomra ranga le plé a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag domhandú ar a bpost nó ar a ngairmeacha.

Téama 3

An Earnáil Nua Fostaíochta

Fiosraíonn na daltaí ar athraigh na hearnálacha fostaíochta thar am. Fiosraíonn siad fosta na fostóirí ina gceantar áitiúil.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag giniúint cheisteanna na ndaltaí

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Fostaíocht i dTuaisceart Éireann - San Am Sin agus An Lá Inniu* (Áis 3)
- *Fostóirí Áitiúla* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí gur athraigh an líon daoine atá fostaithe i roinnt earnálacha cuid mhór le fiche nó tríocha bliain anuas. Iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh ar na hearnálacha a d'athraigh dar leo. Breac nóta dá gcuid freagairtí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Eagraigh na daltaí ina mbeirteanna agus tabhair cóip den áis *Fostaíocht i dTuaisceart Éireann - San Am Sin agus An Lá Inniu* dóibh. Iarr orthu an bhileog a léamh agus na taisc a chomhlanú. Nuair a bhíonn na taisc críochnaithe ag na beirteanna, iarr orthu dul isteach le beirt eile agus a gcuid cinntí a phlé. Go háirithe, iarr orthu aon chosúlacht nó éagsúlacht a léiriú ina bhfreagraí. Tabhair cuireadh do roinnt grúpaí aiseolas a thabhairt don chuid eile den rang agus labhairt faoin dóigh ar chomhlánaigh siad an tasc.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, pléigh an dóigh a dtig le hathruithe in earnálacha ceirde dul i bhfeidhm ar:

- oideachas; agus
- phleanáil gairme.

Gníomhaíocht 2

Tá sé tábhachtach go bhfuil na daltaí feasach ar an réimse fostaíochta atá ar fáil ina gceantar áitiúil agus cé hiad na fostóirí áitiúla. Roinn an rang i ngrúpaí beaga de thriúr nó ceathrar. Dáil cóip den áis *Fostóirí Áitiúla* ar gach grúpa. Iarr orthu an oiread fostóirí áitiúla agus is féidir a liostú, i ngach ceann de na hearnálacha áirithe. Nuair a bhíonn na grúpaí críochnaithe, cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a gcuid cinntí a chur i láthair don chuid eile den rang.

Mar mhalairt air seo, iarr ar gach grúpa meabhairmhapa a chruthú dar teideal *Fostóirí inár gCeantar Áitiúil*. Tabhair cuireadh do gach grúpa a meabhairmhapa a chur i láthair don chuid eile den rang.

Cuir in iúl do na daltaí go dtig leo eolas a fháil faoi fhostóirí áitiúla ó réimse foinsí, ina measc:

- nuachtáin áitiúla;
- eolaithe gutháin;
- an t-idirlíon;
- daoine ar scoil mar shampla múinteoirí, an t-airíoch agus daltaí níos sine;
- trí cheist a chur ar bhaill den teaghlach agus ar dhaoine muinteartha; agus/nó
- trí bheith ag breathnú ar a mbealach chun na scoile agus chun an bhaile.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Tabhair cuireadh do na daltaí rannán na bpost a léamh sa nuachtán áitiúil le fáil amach cad iad na poist atá ar fáil sa cheantar áitiúil. Más féidir, eagraigh le réimse fostóirí áitiúla teacht le labhairt leis an rang:

- faoina n-eagraíocht;
- faoin réimse post a thairgeann siad; agus
- na cineálacha daoine a oibríonn ansin.

Mar mhalairt air sin, eagraigh cuairt ranga chuig ionad oibre fostóra áitiúil le fáil amach faoi na poist atá ar fáil.

Téama 4

Ag Coinneáil Suas Leis na Treochtaí

Fiosraíonn na daltaí treochtaí fostaíochta.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag giniúint critéar ratha
Ag measúnú do chuid oibre féin bunaithe ar chritéir ratha chomhaontaithe

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cártaí Nuachta Treochtaí Fostaíochta* (Áis 5)
- *Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí* (Áis 6)
- *Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí - Bileog Achoimre don Mhúinteoir* (Áis 7)
- Lipéid ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí gur athraigh treochtaí fostaíochta le blianta beaga anuas. Taispeáin an treocht seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt:
Tá níos mó daoine ag obair ón bhaile. Iarr ar na daltaí cúpla fáth a mholadh lena mhíniú cad chuige ar tharla an treocht seo. I measc na bhfreagairtí bheadh b'fhéidir:

- forbairtí in TFC mar shampla leathanbhanda agus ríomhphost;
- is mian le daoine cothromaíocht oibre/saoil níos fearr a bheith acu;
- níos costéifeachtaí d'fhostóirí; agus/nó
- glacann sé níos faide le taisteal chun na hoibre.

Breac síos freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Réitigh an seomra rang sa dóigh go bhfuil cúig thábla i lár an tseomra agus go leor spáis ann do na daltaí le siúl thart orthu.

Ar gach tábla, cuir ceann de na *Cártaí Nuachta Treochtaí Fostaíochta*, roinnt marcóirí agus lipéid ghreamaitheacha. Eagraigh an rang i gcúig ghrúpa. Iarr ar na grúpaí dul chuig ceann de na táblaí. Ansin, iarr orthu an *Cárta Nuachta Treochtaí Fostaíochta* a léamh agus smaoineamh ar chúis amháin le míniú cad chuige ar tharla an treocht. Tabhair cuireadh dóibh an fáth a scríobh ar lipéad greamaitheach agus é a chur in aice leis an chárta nuachta. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, iarr ar gach grúpa rothlú chuig an chéad tábla eile agus an ghníomhaíocht a athdhéanamh. Iarr orthu leanúint ar aghaidh go dtí go dtugann siad cuairt ar gach tábla.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, pléigh na fáthanna coitianta leis na treochtaí fostaíochta. Iarr ar na grúpaí aon treocht eile atá ar eolas acu a shainaithint. Mol dóibh amharc ar an dóigh a dtiocfadh leis na treochtaí seo tionchar a imirt ar a ngairmeacha sa todhchaí.

Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí gur athraigh cúrsaí fostaíochta i dTuaisceart Éireann cuid mhór le fiche nó tríocha bliain anuas. Tabhair samplaí do na daltaí leis an fhíric seo a aibhsiú, mar shampla:

- bhí laghdú i líon na bpost san earnáil talmhaíochta;
- bhí méadú sa líon daoine a fostaíodh san earnáil TFC; agus
- tá níos mó post i dtionscal na turasóireachta.

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar daltaí. Tabhair cóip den áis *Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí* do gach grúpa. Iarr orthu cinneadh a dhéanamh cad iad na fíricí a bhí ceart roimh 1995 agus na cinn a bhí ceart i ndiaidh 1995. Taispeáin *Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí - Bileog Achoimre don Mhúinteoir* ar an chlár nó ar smeach-chairt. Mar rang, pléigí na freagraí cearta.

Ansin, iarr ar na grúpaí na fíricí a úsáid le póstaer nó colláis a chruthú de na hathruithe sna fhostaíocht i dTuaisceart Éireann, roimh agus i ndiaidh 1995. Mol dóibh aon fhíric eile atá ar eolas acu a chur isteach. Aontaígí ar chritéir ratha don phóstaer nó don cholláis.

B'fhéidir go gcuimseodh sé seo:

- slite le bheith ag obair mar ghrúpa;
- A3 i méid;
- páirt amháin a ghluaiseann; agus/nó
- úsáid dathanna, íomhánna, focail agus léaráidí.

Nuair a bhíonn na grúpaí críochnaithe, tabhair cuireadh dóibh a bpóstaer nó a gcolláis a chur i láthair don chuid eile den rang. Iarr orthu cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann a saothar na critéir ratha.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Mar rang, cruthaígí colláis de threochtaí áitiúla fostaíochta reatha. Tabhair am do na daltaí taighde a dhéanamh. Tig leo eolas a rochtain tríd an idirlíon nó an leabharlann a úsáid nó trí cheist a chur ar bhaill den phobal áitiúil, lena n-áirítear fostóirí. Mol do na daltaí dathanna, íomhánna, grianghraif, stiallacha, ceannlínte agus ailt ó nuachtáin áitiúla a úsáid.

Téama 5

Patrúin agus Amanna Oibre

Fiosraíonn na daltaí cinealácha éagsúla patrún oibre agus na meánuaireanta oibre i dtíortha eile.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Patrúin Oibre* (Áis 8)
- *Uaireanta Oibre* (Áis 9)

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí go bhfuil cineálacha éagsúla patrún oibre ann, mar shampla páirtaimseartha, lán-aimseartha agus meitheal oíche. Iarr orthu smaoineamh faoi dhuine éigin dá lucht aitheantais a bhfuil post aige/aici. Iarr orthu smaoineamh faoi cá mhéad uair an chloig a oibríonn an duine sin agus cén t-am a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn siad an obair. Mínigh gurb é sin patrún oibre an duine sin.

Eagraigh an rang i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear daltaí. Tabhair cóip den áis *Patrúin Oibre* do gach grúpa. Iarr orthu an oiread post agus a thig leo a shainaithint a d'fhóirfeadh do na patrúin oibre a luaitear. Ansin, cuir cuireadh ar na grúpaí a mbileog a roinnt leis an ghrúpa in aice leo agus aon chosúlacht nó éagsúlacht a phlé.

Mar fhaisnéis ar an gníomhaíocht seo, pléigí cad chuige a bhfuil patrúin dhifriúla oibre ag poist áirithe. Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar cad é a tharlódh dá mbeadh an patrún céanna oibre ag gach post.

Gníomhaíocht 2

Mínigh don rang go dtagraíonn 'uaireanta oibre' don mhéid ama a chaitheann duine ag obair. Tá go leor éagsúlachta ag baint leis an mheánlíon uaireanta oibre agus struchtúr na seachtaine oibre do ghairmeacha agus do chultúir éagsúla.

Eagraigh an rang ina mbeirteanna. Tabhair cóip den áis *Uaireanta Oibre* do na beirteanna. Iarr ar na beirteanna meánlíon na n-uaireanta oibre i ngach tír a áireamh. Tig leo é seo a dhéanamh trí líon na n-uaireanta oibre bliantúla a thaispeántar sa bharrachairt a roinnt ar líon na seachtainí sa bhliain.

Ansin, iarr ar na daltaí smaoineamh faoi cén tír arbh fhearr leo bheith ag obair inti agus cad chuige. Iarr orthu ansin machnamh ar an tír nár mhaith leo bheith ag obair inti agus cad chuige. Mol do na daltaí tír amháin a roghnú agus ceist a ghiniúint ba mhaith leo a chur faoi uaireanta oibre na tíre sin.

Mínigh don rang go dtig le tionchar diúltach agus dearfach a bheith ar an té a oibríonn uaireanta fada. Ar an chlár nó ar smeach-chairt, tarraing dhá cholún dar teideal 'Tionchar Diúltach' agus 'Tionchar Dearfach'. Mar rang, sainaithnígí cuid de na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhaineann le huaireanta fada oibre. I measc na dtionchar diúltach bheadh b'fhéidir strus, tinneas agus níos lú ama a chaitheamh le do theaghlach. I measc na dtionchar dearfach bheadh b'fhéidir níos mó pá, táirgiúlacht mhéadaithe agus seans méadaithe ar ardú céime poist.

Téama 6

An Dúshlán Fostaíochta

Glacann na daltaí páirt i ndúshlán fostaíochta. Déanann siad iniúchadh ar an réimse post agus fostóirí sa cheantar áitiúil. Amharcann siad ar fhoinsí tacaíochta fostaíochta fosta.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Comórtas na Comhairle Áitiúla* (Áis 10)
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 11)

Gníomhaíocht 1

Is é aidhm an dúshláin fostaíochta ná deis a thabhairt do na daltaí:
- réimse na bpost sa cheantar áitiúil a fhiosrú;
- réimse na bhfostóirí sa cheantar áitiúil a fhiosrú; agus
- foinsí tacaíochta fostaíochta a fhiosrú.

Eagraigh an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Dáil cóip den áis *Comórtas na Comhairle Áitiúla* ar gach grúpa. Iarr orthu an áis a léamh agus bróisiúr a chruthú don chomórtas. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a mbróisiúr a chur i láthair don chuid eile den rang. Tabhair cuireadh don rang trácht ar na bróisiúir éagsúla. Mar mhalairt air seo, cuir cuireadh ar bhall den chomhairle áitiúil nó ar bhaill den chomhlachas tráchtála breithiúnas a thabhairt ar na bróisiúir. Cinntigh go mbunaíonn na daoine seo a mbreithiúnas ar chritéir an dúshláin.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol dóibh é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Iarr orthu *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlánú. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a chlárú ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

Lagan
ferrovial
Landby

Áis 1

Cártaí Meaitseála Teicneolaíochta (1 as 2)

Earnáil/Tionscal

Talmhaíocht	Fuinneamh in-athnuaite
Monaraíocht/innealtóireacht	Ceol
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)	Spóirt
Foirgníocht	Cuntasaíocht agus seirbhísí airgeadais
Miondíol	Clódóireacht
Sláinte	

Cártaí Meaitseála Teicneolaíochta (2 as 2)

Forbairt Teicneolaíochta

Córas clibeála leictreonaí a chuireann ar chumas feirmeoirí fios a bheith acu cá bhfuil a gcuid ainmhithe.	Trealamh nua ard-teic a chiallaíonn gur féidir comhpháirteanna innealtóireachta a tháirgeadh go gasta.
Chuir leathanbhanda ar chumas dearthóirí gréasáin a thuilleadh eolais a chur ar shuímh idirlín.	Is féidir pleananna d'fhorbairtí nua tithíochta a tharraingt agus a shamhaltú trí úsáid ardchórais TFC.
Díolann siopaí a gcuid earraí ar líne chomh maith leis an phríomhshráid.	Cuireann gairis nua leighis ar chumas dochtúirí a gcuid othar a chóireáil níos éifeachtaí.
Úsáidtear muilte gaoithe agus tuirbíní gaoithe anois le leictreachas a ghiniúint.	Is féidir ceol a íoslódáil ón idirlíon anois.
Is féidir gnóthachtáil lúthchleasaí a thaifeadadh anois trí úsáid bróga ardteic.	Tig le gnólachtaí a gcuid cánach a íoc ar líne
Is féidir póstaeir agus táirgí clóite eile a chlóbhualadh sa bhaile anois trí phrintéir digiteach a úsáid.	

Cás-Staidéir AE (1 as 2)

An Eastóin go Tuaisceart Éireann
Ó dhialann eisimircigh - le Jaan Vaher

Bhí an chuma ar an scéal gur cur amú ama an oiliúint a fuair mé ar Ollscoil Theicniúil Tallinn san Eastóin. I ndiaidh dom céim mhaith le honóracha a bhaint amach san Innealtóireacht Mheicniúil, bhí mé ag obair uaireanta fada maslacha ar ár bhfeirm torthaí áitiúil.

Ar eagla na míthuisceana, caithfidh mé a rá gur bhain mé sult as an obair, as an am a chaith mé le cairde agus go dtiocfadh liom cónaí sa bhaile le mo mhuintir.

Lá amháin, agus mé ag scimeáil ar an idirlíon, tháinig mé ar eolas ar áit darb ainm Tuaisceart Éireann. Bhí cuma ghalända air.

Shocraigh mé a fháil amach an raibh deiseanna fostaíochta ansin d'innealtóirí. Bhí go leor post ansin a thiocfadh liomsa a dhéanamh. Líon mé isteach na foirmeacha iarratais.

Taobh istigh de mhí, fuair mé agallamh agus tairgeadh post agus pacáiste athlonnaithe dom.

Anois, tá mé ag obair mar innealtóir i gcomhlacht mór nua-aoiseach teicneolaíochta a bunaíodh ar na mallaibh in aice le cathair Bhéal Feirste.

Tá mé i mo chónaí in arásán nua-aoiseach, mó charr féin agam agus cuid mhór d'Éirinn feicthe agam i mo chuid ama shaoir. Tá sé seo i bhfad níos fearr ná an rothar a bhí agam sa bhaile in Tallinn agus mé ag roinnt seomra le mo thriúr deartháireacha. Tá an pá i bhfad níos fearr fosta.

Níl a fhios agam an bhfanfaidh mé anseo go deo. Casadh cuid mhór daoine orm, d'fhoghlaim mé scileanna nua agus leathnaigh mé amach mo dhearcadh ar an saol. Dá bhfillfinn ar Tallinn amárach, ní bheadh moill ar bith orm post a fháil anois go bhfuil taithí agam.

Cás-Staidéir AE (2 as 2)

Tuaisceart Éireann chun na Slóvéine Ó dhialann eisimircigh - le Peter Craig

Níor shamhlaigh mé riamh go n-imeoinn as Tuaisceart Éireann le dul ag obair thar lear. I ndiaidh an iomláin bhí post maith agam agus deiseanna ardú céime i gcomhlacht mór a bhí ag fás i rith an ama. Bhí an córas eacnamaíochta go maith agus bhí earnáil na turasóireachta ag fás go hiontach gasta.

Bhí mé i ndiaidh Ard-Dioplóma Náisiúnta a bhaint amach i mBainistíocht Óstlann agus Turasóireachta ag an Choláiste Breisoideachais áitiúil. Bhí suim agus dúshlán ag baint le mo phost mar Bhainisteoir faoi oiliúint in óstlann.

Ach d'athraigh mo chuid pleananna i ndiaidh cuairt mhalartúcháin go Ljubljiana, príomhchathair na Slóvéine, tír bheag ina bhfuil daonra 2 mhilliún duine. Fuair an tSlóvéin a neamhspleáchas ón Iúgslaiv sa bhliain 1991.

Faoi scéim a d'eagraigh nuachtán áitiúil, thoiligh mé ionad a mhalartú le duine a bhí thart faoin aois chéanna liom féin. Bhí muid le bheith beo i saol an duine eile ar feadh seachtaine.

Bhí sé ar fheabhas. Bhí mo chroí istigh sa tSlóvéin, a háilleacht, an aeráid agus na daoine. Ní fada gur thosaigh mé a dhéanamh taighde ar dheiseanna fostaíochta in earnáil na turasóireachta. Ar ámharaí an tsaoil tá córas eacnamaíochta na Slóvéine ag forbairt leis. Tá go leor deiseanna fostaíochta ann, go háirithe má tá cáilíocht agat.

Tá mé i ndiaidh glacadh le post mar Bhainisteoir Cúnta in Óstlann an Chuain Ghorm. Tá an pá níos ísle ná mar atá sa bhaile ach tá an costas maireachtála i bhfad níos ísle agus tig liom sult a bhaint as samhradh fada te gach bliain.

Fostaíocht i dTuaisceart Éireann - San Am Sin agus An Lá Inniu

Tá athrú iontach tagtha ar an fhostaíocht i dTuaisceart Éireann le 30 bliain anuas. Feicfidh tú thíos dhá phíchairt a léiríonn an t-athrú a tháinig ar na hearnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann ó 1976 go 2006.

I ndiaidh staidéar a dhéanamh ar na píchairteacha comhlánaigh na tascanna seo a leanas:

1. Cuir síos ar na hathruithe sna hearnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann ó 1976 go 2006. Úsáid céatadáin.

2. Mol roinnt fáthanna a d'fhéadfadh na hathruithe seo a mhíniú.

3. Tarraing píchairt leis na hathruithe a thiocfaidh ar na hearnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann a thuar sa 30 bliain atá romhainn. Mol fáthanna do na cinntí a rinne tú.

Céatadán daoine fostaithe i ngach earnáil sa bhliain . . .



Áis 4

Fostaithe Áitiúla

Earnálacha Fostaíochta	Fostaithe Áitiúla
Talmhaíocht	
Monaraíocht/ Innealtóireacht	
Tógáil	
Miondíol	
Rialtas agus Oideachas	
Seirbhísí Airgeadais	
Sláinte	
Fóillíocht agus Turasóireacht	
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide	
Eile	

Cártaí Nuachta Treochtaí Fostaíochta

Le deich mbliana anuas i dTuaisceart Éireann, tháinig méadú ar líon na mban a bhfuil post acu.

Le deich mbliana anuas i dTuaisceart Éireann, tá éagsúlacht cultúir níos leithne sa lucht saothair.

Le deich mbliana anuas i dTuaisceart Éireann, tá sé ag éirí níos coitianta gur minice a aistríonn daoine post.

Le deich mbliana anuas i dTuaisceart Éireann, tháinig méadú ar líon na bpost in earnáil na turasóireachta.

Le deich mbliana anuas i dTuaisceart Éireann, tháinig méadú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil post acu.

Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí (1 as 2)

Socraigh cé acu roimh nó i ndiaidh 1995 a tharla na himeachtaí seo.

Bhog cuid mhór comhlachtaí agus ionad glaonna go Tuaisceart Éireann.	Tháinig forbairt shuntasach ar earnálacha na TFC agus na teileachumarsáide.
D'fhán cuid mhór máithreacha sa bhaile le haire a thabhairt dá gclann.	Tháinig meath mór ar earnálacha na n-éadaí agus na dteicstílí.
Lonnaigh siopaí móra ilnáisiúnta áise i dTuaisceart Éireann.	Thosaigh an próiseas síochána i dTuaisceart Éireann.
Bhí siopaí coirnéil tábhachtach i ngach baile mór agus sráidbhaile.	Fuair cuid mhór inimirceach poist i dTuaisceart Éireann.
D'imigh cuid mhór daoine ó Thuaisceart Éireann le bheith ag obair i dtíortha eile.	Bhí tionchar mór ag 'na trioblóidí' ar an saol i dTuaisceart Éireann.
Bhí cuid mhór daoine fostaithe san fheirmeoireacht agus sa talmhaíocht.	Bhí cuid mhór daoine fostaithe sna tionscail thraidisiúnta (fostóirí ar nós Shorts agus Harland and Wolff).

Treochtaí Fostaíochta - Na Fíricí (2 as 2)

(Bileog Achoimre don Mhúinteoir)

Na Fíricí - Roimh 1995

Bhí cuid mhór daoine fostaithe sna tionscail thraidisiúnta (fostóirí ar nós Shorts agus Harland and Wolff).

D'fhán cuid mhór máithreacha sa bhaile le haire a thabhairt dá gclann.

D'imigh cuid mhór daoine ó Thuaisceart Éireann le dul ag obair i dtíortha eile.

Bhí cuid mhór daoine fostaithe san fheirmeoireacht agus sa talmhaíocht.

Bhí siopaí coirnéil tábhachtach i ngach baile mór agus sráidbhaile.

Bhí tionchar mór ag 'na trioblóidí' ar an saol i dTuaisceart Éireann.

Na Fíricí - I ndiaidh 1995

Fuair cuid mhór inimirceach poist i dTuaisceart Éireann.

Tháinig meath mór ar earnálacha na n-éadaí agus na dteicstílí.

Thosaigh an próiseas síochána i dTuaisceart Éireann.

Bhog cuid mhór comhlachtaí agus ionad glaonna go Tuaisceart Éireann.

Tháinig forbairt shuntasach ar earnálacha na TFC agus na teileachumarsáide.

Lonnaigh siopaí móra ilnáisiúnta áise i dTuaisceart Éireann.

Patrúin Oibre

Patrúin Oibre	Sampla
Uaireanta lánaimseartha lae	
Uaireanta lánaimseartha oíche	
Obair pháirtaimseartha lae	
Obair dheireadh seachtaine	
Sealobair	
Uaireanta fleisc-ama	
Obair ón bhaile	

Uaireanta Oibre (1 as 2)

Úsáid na sonraí sa ghraf leis na meánuaireanta oibre seachtainiúla a ríomh do na tíortha seo a leanas:

Tír	Méanuaireanta oibre seachtainiúla	Uaireanta oibre bliantúla
An Chóiré		
Meicsiceo		
An tSeapáin		
SAM		
An Spáinn		
An Bhreatain		
Éire		
An Danmhairg		
An Iorua		
An Ísiltír		

Uaireanta Oibre (2 as 2)



Uaireanta oibre bliantúla (foinse: OECD (2004)) OECD in Figures, Páras.

Comórtas na Comhairle Áitiúla

An Baile S'againne. . . . Áit Mhaith Oibre

Tá feachtas ar bun ag an Chomhairle áitiúil ag iarraidh ar dhaoine teacht ag obair i do bhaile mór. Tá cuid mhór post ar fáil ach níl an daonra ach beag agus oibríonn cuid mhór daoine sa bhaile mhór in aice libh.

Mar chuid dá feachtas, sheol an Chomhairle comórtas. Tá bróisiúr le dearadh leis an bhaile mhór a chur chun cinn mar 'Áit Mhaith Oibre'. Dáilfear an bróisiúr ar:

- scoileanna;
- gnólachtaí áitiúla;
- eagrais phoiblí;
- dochtúirí agus fiaclóirí áitiúla;
- siopaí áitiúla; agus
- an stáisiún áitiúil busanna.

Caithfidh an t-eolas seo a leanas bheith sa bhróisiúr:
- samplaí d'fhostóirí;
- cineálacha nó réimsí na bpost atá ar fáil;
- cad chuige ar áit mhaith oibre é an baile mór seo; agus
- mionsonraí faoi dhaoine a thig leo cuidiú, mar shampla, gníomhaireachtaí earcaíochta nó nuachtáin áitiúla.

Déanfar na bróisiúir a mheas bunaithe ar ábhar agus ar dhearadh

Ádh mór!

Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Ainmnigh trí rud a d'fhoghlaim tú san aonad seo?

1. _____

2. _____

3. _____

Cad é mar a chuideoidh an fhoghlaim seo leat amach anseo?

_____

_____

_____

Cé acu de na gníomhaíochtaí pleanála gairme seo a leanas a rinne tú mar chuid den aonad seo?

Léitheoireacht ☐

Amharc ar fhiseáin ☐

Taighde ☐

Cur i láthair ☐

Ag foghlaim ó dhaoine eile ☐

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning